LITIR ṠASANA

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

air an Luain. Coicís ó ṡoin nuair a ṫáinicead ar den tseal - oíċe Ḋúraḋ leo nár ġá ḋóiḃ a tosú go dtí an dó a ċloġ Dia Luain agus go n-íocfaí pái an lae sin go h-iomlán leo ar an dtrí uair a ċluiġ sin. Annsin, seaċtain ṡa lá seo ḋúraḋ linn go gcaiṫfeaḋ muid tosú ag an h-aon a ċloġ dá mb'áil linn pái an Luain uilig a fáil. Rinne muid amlaiḋ gan an iomarca ċasaoide aċ anois deir Máirtín linn go gcaiṫfiḋ muid tosú ag an dó déag as seo amaċ má ṫeastaíonn uainn fáil íoċta ar an lá. Aċ ní ḃíonn muid sa mbaile go mbíonn sé an seaċt, ḃalluí, ṫéis greim ḃreicfeasta a ċaiṫeaṁ agus ḃaslaċ a ċúirt ḋod' éadan ní féadfá ḃeiṫ sa leaba mórán roiṁ an h-oċt. Ċaiṫeá éirí amaċ arís ag an leaṫ uair ṫéis a h-aon déag le ḃreiṫ ar an leorraí ag an dó déag agus ní fágann sé sin a ṗóṫain ċoḋlaiḋ ag na fearaiḃ, ní áirím an ḃeirt tá ag tiomáint an dá leorraí. Níl fios agam go ḃaileaċ cé tá faoi ndear an tsocrú seo aċ ar ċuma ar biṫ nuair a ḃúirt Máirtín linn gur ag an dó déag a ḃeaḋ muid ag imeaċt amaċ ní mó ná go raḃamar sásta. Ṫosaiġ muid ag cur is ag cúiteaṁ eadrainn féin agus ar deire ḃ'ṡiúḋ amaċ as na leorraí muid go ndeaċa muid ag caint le Máirtín faoi, ag iarraiḋ air an am tosaiṫe a ċur siar go dtí an h-aon a ċloġ. Ar a laġaḋ. Ḃí cuid againn a laḃair amaċ ceart go leor aċ ḃí tuille a ḋ'ḟan ina dtost agus níor ḟága cuid acu a n-áit suí istiġ sa leorraí, fiú le ċur le'n ár nglór. Aċ ba ḟánaċ againn é mar naċ gcorróḋ Máirtín a ḋáṫ ón ruḋ a ḃí ráiṫte aige.

"Ní mise a rinne an t-socrú," ar seisean, "'cóiṡí nó fágaí é." Ḋúirt cuid againn annsin leis naċ ngaḃfaḋ muid amaċ ċor ar biṫ ninu agus fágaḋ an scéal mar sin. Dá ḃfágfaḋ muid ḃóṫam "back" ón gcuid eile ḃ'furasta an lám in uaċtar fáil ar an ḃnoream i gceannas, aċ tá faitíos orm go ḃ'é a ḋéanfas siad loiceaḋ orṫainn. Níl Ṫírone a ḋul amaċ, ná mise, nó Dún na nGall, ná Kiely Ċille Ċoinniġ, ná Ḃrúnaċ Ṗuirt Laoise, ná Durcan Ṁuigeo, ná Fóilín na Lao Ṁáiġ Loċa, ná fear mór Ċaisleáin a' Ċumair (aċ ní áirṁím é sin mar naċ ngaḃfaḋ sé amaċ suas nó síos) ná níl Ḃuillí Carroll ná an triúr Sasanaċ sin—ḃoroáil is a leaṫ a ḟanfas sa mbaile más fíor ḋóiḃ féin é; aċ ḃeiḋ fios againn.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

NÍOS MÓ ACRAÍ; NÍOS LÚ FIR

Cé go ḃfuil an méid acraí faoi ḟadireaċta ag dul i méid ó ḃliain go ḃliain i nGaillim, ḃí na h-oiḃriṫe ag éirí níos lú de réir eolas a ḟuair Pádraig Ó Ceallaiġ, Co.C., an tseaċtain seo caite. Méaduiġ an t-acra faoi ċrainn ó 1,995 acraí i 1958 go dtí 2,860 i 1963-64, aċ ċuaiġ an méid fear a ḃí ag obair síos ó 402 go dtí 50. I litir ó rannóg na foraoiseaċta, dúraḋ leis naċ ḃféadfaí aon eolas a ṫaḃairt dó faoi an méid a ḃeaḋ ag obair ann insan am atá le teaċt.

AN LÍONÁN

A coiste cróinéire faoi an leas-croinéar L. D. Ó hAilín, aturnae, An Líonán, Dé Luain, tugaḋ ḃreiṫ gur éag Tomás Ó Tuinnig (68), feirmeoir pósta, ó Doirecroft, Lioscarnaiġ, Caṫ-air na Mart ag Líonán, ar an 31ú Lúnasa seo caite, de ḃárr laige croí. Ṫug an Dr. C. Ó Beaglaoiċ, An Líonán, agus S. Ó Tuama, mac leis an fear marḃ fianaise. I mḃéarla aṁáin a ḃí cúrsaí an coiste Cróinéire.

IORRAS

Ċuaiġ slua mór ón ċeantar seo ar fad go Caisleán a' Ḃarraiġ fá ċoinne craoḃ ċluiċe Ṁuigeo, agus le tacaíoċt a ṫaḃairt do ḟoireann Ḃéal an Ṁuirṫeḋ i gcoinniḃ Ċlár Ċloinne Ṁuiris. Ċaill Ḃéal an Ṁuirṫeḋ agus ba ḋíoma lena gcuid tacaḋóirí é sin, aċ mar sin féin. Is mór an cliú do ḟoireann ón Iarṫar mar seo, a ḃeiṫ in ann dul go dtí an craoḃ ċluiċe. Ḃuaiġ Clár Ċloinne Ṁuiris an craoḃ le scór 2-8 i gcoinniḃ 0-6 do Ḃéal an Ṁuirṫeḋ. Dá mbeaḋ ruḋ beag níos mó ceardaíoċt, ċoṁ maiṫ le díograis ag muintir Ḃéal an Ṁuirṫeḋ, ḃ'ḟéadfaḋ go mbeaḋ deireaḋ eile ar an lá.

Oíċe Ḋiardaoin seo caite. Ḃí tuairim-ċnuasaċt i ngairmscoil Ḃéal an Ṁuirṫeḋ faoi cúrsaí cógail muc. Laḃaireaḋ faoi gaċ gné de ṫógáil muc, idir ḃeaṫú, aicíḋeaċa, tiṫe muc, ḋeontaisí agus eile, agus ḃain an slua mór feilméaraí a ḃí i láṫair tairḃe agus eolas as an oíċe.

An tseaċtain seo caite, ḃuaiġ Meánscoil Ċloċar na Trócaire Ḃéal an Ṁuirṫeḋ, ar an Ġairmscoil, le scór 1-8 i gcoinniḃ 1-4. Ḃí an cluiċe lag go leor.

Ḃeirt eile cailíní óga atá taréis an Ġaeltaċt a ḟágáil, dul go Hammersmith, Londain, an tseaċtain seo caite, isea Caitlín Ní Ḃaoill, Ḃéal Dearg, Fód Dub.

Tá Áine Caroline, as Duḃloċ, Gaoṫ Sáile, ag caiṫeaṁ saoire taiṫneaṁaċ lena h-aṫair agus máṫair, Míċeál Ó Caroline agus a ḃean, taréis filleaḋ dí óna Stáit Aontaiṫe.

Ṫug Caoimhín Ḃreaṫnaċ, B. Agr.Sc., léaċt ana ṡuimiúil do na feilméaraí in Imleaċ Beag, i gcaiṫeaṁ na seaċtaine, ar leasú talaṁ agus móinéar.

Coṁġáirdeas le Máire Carmel Ní Ṁurċú ,iníon is óige do Ṫomás Ó Murċú, agus a ḃean, Seanaċaí, Dún Mór, a ceapaḋ mar ṁúinteoir i Scoil Náisiúnta Cluan Máine Ḃéal an Ṁuirṫeḋ.

Tá oiḃriṫe an Ċomairle Con-dae ag obair san am i láṫair ag cur tarra ar an ḃóṫar ó Ḃéal an Ṁuirṫeḋ go Gleann Caisleán.

Ḃí an long Éireannaċ 'Maċa', ar diúite ag patróláil i gCuan an Ḟóid Ḋuiḃ i gcaiṫeaṁ na seaċtaine seo caite, agus ṫáinig siad isteaċ ar cuairt go dtí Fód Dub. Ar ḃord an 'Maċa' ḃí an Lieut. Caṫal Ó Doṁnaill, as Sean Talaṁ, Gaillim. Mac é le Seán Ó Doṁnaill, caiptín, a ḃí in arm na hÉireann, as Inis Ciaiḋ. Cuireaḋ fáilte mór roiṁ an Lieut. Ó Doṁnaill imeasc a ċáirde, in Glais, Fód Dub, agus ag Eaċléim.

Tá an Ceannfort Uilson, as Co. na Gaillime, tagaiṫe go Ḃéal an Ṁuirṫeḋ, in ionaḋ an Ceannfort S. Mac Giolla Laoire a ḃí i mḃéal an Ṁuirṫeḋ le dá ḃliain agus a h-aistríoḋ go Carraig Maċaire Rois.

Cúis ḃróin sa ċeantar, ḃás Ḃean Ṁíċíl Uí Ṁurċú, Cor Cloċ Ḃéal an Ṁuirṫeḋ, a ṫárla taréis tinneas fada in Ospidéal Réagúnaċ na Gaillime, le déanaí. Ní raiḃ sí aċ 44 ḃliana d'aois, agus ḋ'ḟág a ḃás néal ḃróin, ní hé aṁáin i gCor Cloċ, aċ ins na trí paráistí timpeall. Déantar coṁḃrón lena fearċéile agus a teaglaċ agus dear-ḃráṫaċa agus deirfiúraċa. Ċuaiġ socraiḋ an-mór léi go Séipéal Ḃéal an Ṁuirṫeḋ. Áit ar tugaḋ an corp go reilig Gleann an Ċaisleáin.

Ḃí cruinniú Dé Ceadaoine na seaċtaine seo de Ċumann Slat Iascaireaċta Mara, Ḃéal an Ṁuirṫeḋ. Ḃí léaċtaí de ċuid Ḃantraċt na Tuaiṫe i láṫair ag an cruinniú ċoṁ maiṫ, agus Míċeál Eiḃearán, Ḃainisteoir na hÉireann Iarṫair. Ag an cruinniú rinneaḋ liostaí de na tiṫe aíoċta agus tiṫe príoṁ-ċoṁ maiṫ le uiṁir na mbáḋaí a ḃeaḋ ar fáil fá ċoinne na hiascaireaċta. Sé an aiḋm a ċur an cruinniú roiṁ an Ċoiste ná 500 turasóirí do ṁí Meiṫeaṁ. Ḃean Ní Ġallċoḃair, Príoṁ Ġráḋ, Ḃéal an Ṁuirṫeḋ, an rúnaí, is féidir eolas ar biṫ is gá do fáil uaiṫe.

Tré ċoṁar imeasc feilméaraí Gleann Caisleán, anuraiḋ, sáḃáileaḋ £90 ar ċeannaċ leas mála, agus ní naċ ionaḋ leanfar den scéim i mbliana. Sin é an ruḋ a cuireaḋ os ċoṁair an cruinniú ḃliantúil de craoḃ na ḃfeirmeoirí ag an cruinniú ḃliantúil Ḋiardaoin seo caite. Ḃí slua mór i láṫair, nuair a toġaḋ: Uaċtarán, An t-Ard Deacon Ó Fianaiġ, Ḃéal an Ṁuirṫeḋ; Leas-uaċtarán, An tAṫair Ó Maoléiráin; Caṫaoirleaċ, L. Mac Aindriú, Gleann Caisleán; Leas-ċaṫaoirleaċ, P. Ó Gallċoḃair Doire Ċoiriḃ; Cisteoir, Seán Mac Giolla Ḃríde; Rúnaí, S. Ó Muingille, Sraiṫ.

An tseaċtain seo caite ḋ'éag Máirtín Ó Naiḃín, in Inis Ḃigil, taoḃ amuiġ de Oileán Acla. Ḃí sé 88 ḃliana de aois, agus ḃí árd meas air féin agus ar a muintir ar Inis Ḃigil agus ar Oileán Acla. Ċuaiġ sé ḃáḋaí leis na hOileánaí go dtí an reilig, i gCleagán, Ḃaile Cruaiḋe, Dé Doṁnaiġ, áit ar h-adlacaḋ é. Ḃí slua an mór ón ṁórtír ag an socraiḋ freisin.

Ḃí Máire Ní Ġallċoḃair O.S. i gceannas ag cruinniú na ḃPáraicíní ag Gob a' Ċoire, an tseaċtain seo caite. Ḃ'é an t-ábar díospóireaċt a ḃí acu ná "An ḃfuil Leigiún Ṁuire ag déanaṁ níos mó doċar ná maiṫeas?" An tAṫair Mac Ceoḃain, S.C., Gob a' Ċoire, a ḃí mar Stiúrtóir Spioradálta, agus M. Mac Aoḋa a ḃí mar cainteoir tuata.

"Naċ ligfear do Ċlann Lir luí go suaimneaċ." Sin ceist a toġaḋ ag cruinniú do Ċoṁairle Condae Ṁuigeo i gCaisleán a' Ḃarraiġ, tá seaċtain ó ṡin, nuair a ṫóg Seosaṁ Ó Lionaċáin, T.D., ceist fá reilig na Croise. Ḋúirt sé go raiḃ droċ ċaoi ar fad ar an reilig seo, agus gur ċeart don Ċoṁairle ruḋ éigin a déanaṁ le caoi a ċur air.

Insan reilig seo tá Riocard Ḃairéad an file cliúteaċ Gaeilge, a scríoḃ "Eoġan Cóir" agus aṁráin cliúteaċa eile, ina luí. Do réir an Uasail Uí Lionaċáin, is olc an ċaoi atá ar an reilig seo i láṫair na huaire. Ḋúirt an tUasal Ó Lionaċáin go raiḃ feiḋmeannaí óna hollscoileanna ag glacaḋ cloigne daoine ó reilig na Croise le iad a úsáid fá ċoinne cúrsaí doċtúraċta, agus níos moille, ḋúirt sé go raiḃ na plaoscaċa seo á n-úsáid mar ashtrays ins na tiṫe lóistín. Ḋúirt an tUasal Ó Lionaċáin ag an cruinniú gur ċeart don Ċoṁairle iarratas a déanaṁ ċuig Roinn na Gaeltaċta le balla cosanta a ċur tart timpeall na reilige, atá suite ar an cósta tuaiḋ Ṁuigeo. Níl fios againn san am i láṫair, ar seisean, cé acu tá corp Riocard Ḃairéad insan reilig, nó imiṫe leis an taoide nó ar an tábla in áit éigin i mBaile Áṫa Cliaṫ. Aċ ag an cruinniú ḋ'iliġ an Ċoṁairle meastaċán an Ḃainisteora fá ċoinne reilig insan condae de £1,500.

GAIRMSCOIL ḂAILE CRUAIḊE

D'inis an tUasal Ó hEoċaiḋ, do Ḟeilim Mac Giolla Laoire, T.D., sa Ḋáil, gur tugaḋ údarás i bprionsabail fá ċoinne an gairmscoil nua ag Ḃaile Cruaiḋe ar an 15-8-62. Gur tugaḋ údarás fá ċoinne an suiṁ ar an 9-5-62, agus go raiḃ an Roinn ag fanaċt fós leis na dréaċt pleananna a fáil ó'n Ċoiste Gairm-Oideaċais.

ACAILL

Oíċe Aoine seo caite, ṫosaiġ an ċéad Féile Drámaíoċta ariaṁ in Acaill. Tá sé coṁceangailte le Féile Ċonaċta. Agus raċaiḋ na ḃuaiteoirí ag Féile Acla ċuig Féile Drámaíoċta Ċonaċta deireaḋ na seaċtaine seo. Ḃí cuig iarratais istiġ. Ruḋ a ḃí fíor maiṫ den ċéad iarraċt ,agus ṫáinig ceann acu ó ċoṁ fada ar siúl le Ḃealaċ a' Ḋóirin.

Coṁġáirdeas le Dóirín Ní Ġallċoḃair, iníon do Ṁáirtín Ó Gallċoḃair agus a ḃean, Ḃun na Coraiġ, atá taréis a ceapaḋ insan Stát-Seirḃís i mBaile Áṫa Cliaṫ. Tá cliú mór ar Ḋóirín agus ar a deirfiúr, Máiréad, mar ceoltóirí ar fud na paróiste.

An tseaċtain seo caite, ar an Saṫairn, ḃí ceiṫre pósaḋ in Acaill, aċ ḃí triúr acu lasmuiġ den oileán féin. Pósaḋ M. Mac Cillḃán, mac leis an Uasal Cillḃán agus a ḃean, Cloċ Mór, Máire Ní Cillḃáin, iníon de Ṗáraic Cillḃán, agus a ḃean, Sáile. I Londain a pósaḋ iad.

Pósaḋ Seosaṁ Mac Suiḃne, mac le Pádraic Mac Suiḃne, a ḃean, Poll Raiṫní, agus Eiḃlín Ní Ġallċoḃair, Doiríní. I bPreston a pósaḋ iad.

Pósaḋ Pádraic Ó Gallċoḃair, mac is sine do Ṗrionsias Ó Gallċoḃair agus a ḃean, Cnoc na Móna, An Corráin, le Máirtín Ní Eigeartaiġ, Ḃaile Séamais Ḋuiḃ, Co. An Caḃáin. I Reading i Sasain a pósaḋ iad.

Pósaḋ Ḃrian Mac an Ṁáistir, mac le Míċeál Mac an Ṁáistir agus a ḃean, naċ maireann, Poll Raiṫní, le Máire T. Ní Ċuaṫnaiġ, iníon de Ṫomás Ó Cuaṫnaiġ, agus a ḃean, naċ maireann Poll Raiṫní. I Séipéal Naoṁ Aindriú, Rae an Iarṫair, Ḃaile Áṫa Cliaṫ, a pósaḋ iad.

Ḃuaiġ Naoṁ Uinsionn go h-éasca ar Ċill Daṁnait, ag Caol, Dé Doṁnaiġ, le scór 1-12 le 0-1. Ḃí cluiċe i ḃfad níos fearr san dara ceann idir Corrán agus Naoṁ Seosaṁ agus ag leaṫ-ama ḃí siad ḃeagnaċ coṫrom le Corrán ar tús le 1-2 i gcoinniḃ 1-1. Aċ ḃ'éigin socrú an cluiċe a ċur siar toisc coṁ h-olc agus a ḃí an lá le ḃáisteaċ trom. Ní raiḃ cluiċí ar biṫ i gcorn Scannláin Dé Doṁnaiġ seo caite, toisc an cluiċe mór idir Ṁuigeo agus Caḃán i gCaisleán an Ḃarraiġ.

Cúis ḃróin insan ċeantar ḃás Seán English, Maolainn, Ḋuḃ Eġa, Dé Luain, agus Ḃean Ṡeáin Uí Ġallċoḃair, Acaill Ḃeag, i lár na seaċtaine. Déantar coṁ-ḃrón lena muintir.

Oíċe Aoine, seo caite, ḃí cruinniú do Ċumann Forḃarta Acla, i halla na paráiste, agus an tAṫair Mac Enrí, S.C., i gceannas. Ḃí cairiscint ós coṁair an cruinniṫe ó Ċumann Deon-aċa Oiḃre ó micléinn. Pléaḋ ċoṁ maiṫ an ḃaile a ċur isteaċ ar Ċomórtas na mBailte néata, agus ar casá coise a déanaṁ frío Gob a' Ċoire. Pléaḋ ceist cuideaċtain. reaċtúil forḃarta a ḃunú.

Go dtí seo ní ḃfuair Cumann Lúṫ Ċleas Gael Acla cóip de ḃreiṫ Ḃord Mionúr Ṁuigeo de ṫairḃe an fiosrú a rinn siad ar an 12ú lá de Ḟeaḃra agus níor foilsíoḋ an ḃreiṫ a ṫug siad aċ oiread. Táṫar ag fanaċt anseo, agus measṫar naċ nglanfar ainm Ċumann Lúṫ Ċleas Gael go dtí go ḃfoilseófar an fianaise a ṫug an Cumann eile.

CARNA

Fáilte roiṁ an Sáirsint M. S. Needham, ón gCloċán, a ṫáinig go Cloċ na Rón mar Sáirsint i mbun an stáisiún an tseaċtain seo. As Cluan Ceardáin, Co. Ṁuigeo é, agus ṫosnaiġ sé ins na Gardaí ag Sráid an Ṗiarsaiġ, Ḃaile Áṫa Cliaṫ, agus taréis sin i Loċ Riaċ, agus ar feaḋ ceiṫre ḃliana san Ċloċán. Ṫáinig sé in áit an Sáirsint P. Watters, Cloċ na Rón.

Tá na fataí síl agus arḃar á dtaḃairt amaċ ar fud Conamara san am i láṫair, faoi scéim na Roinne, ar luaċ níos saoire ná an ġnáṫ. San am ċéanna, tá obair an earraiġ níos moille i mbliana leis an sioc agus sneaċta ar fud na dúṫaiġ.

Toġaḋ an Ḃráṫair Urban mar Uaċtarán ar Ċumann C.L.C.G, Cloċ na Rón. Peadar Ó hUallaċáin mar Ċaṫaoirleaċ; Eoin Ó Raġallaiġ mar leas - ċaṫaoirleaċ; M S. Ó Fearraín, mar rúnaí agus Seosaṁ Mac an Rí, mar cisteoir. Coiste roġnóireaċta: M. Ó Riain, P. Ó Criaḋáin, An Ḃráṫair Ḃasil agus S. Ó Doṁnaill.

I gcluiċe cáirdiúl Dé Doṁnaiġ, ḃuaiġ an Cloċán ar ḟoireann nua Ċloċ na Rón le scór 5-7 i gcoinniḃ 2-5.

Ḃí os cionn 200 páistí scoile i láṫair ag cruinniú faoi ċoiṁrice Leigiún Ṁuire, in Leitir Fraiċ, Dé Doṁnaiġ. Ḃí daltaí scoil náisiúnta ó Aill Ḃreac, Dún Luaċán, Crosaire an Tulaiġ, Gaill Roc, Eagle's Nest i Caiseal, ċoṁ maiṫ le daltaí meánscoile ó Ċoill Ṁór agus an Cloċán.

Dé Máirt seo caite, ṫosnaíoḋ ar an solus nua ag Ceann an Ċleagáin, le cadraḋ atá in ann é féin do aṫ-nuaċan.

Tá caiḋéal leictreaċ á ċur suas ag Coṁairle Co. na Gaillime le córas uisce níos fearr a ṫaḃairt don Cleagáinn agus Cladaċ Duḃ. Tiocfaiḋ an t-uisce, mar a ḃí ċéana, ón loċ, aċ is le cuṁaċt leictreaċais a tiocfaiḋ sé anois. Is maiṫ an ruḋ an t-uisce a ḃeiṫ ar fáil ag céiḋ an Ċleagainn. Áit a raḃ planda mór próiséisiṫe éisc uair aṁáin agus anois go ḃfuil córas uisce ann ḃeiṫfear ag súil go mbeiḋ a leiṫéid arís ann.

Ag an Ċúirt Ḋúiċe i nGaillim, baineaḋ a ċeadúnas tiomána de Stiofán Ó Caṫáin, as Cill Ċiaráin, Carna, as an teora luais a ṡárú i gCaṫair na Gaillime. Tiomána carr híreálta isea Stiofán Ó Caṫáin, agus ní ḃeiḋ sé in ann a ḃeaṫa a ṫuilleaḋ ar feaḋ na míosa seo a ḃfuil an ceadúnas bainte de. Ḋúirt an Gárda Séamus Cotter, go ḃfuair sé Ó Caṫáin ag tiomáint ag 38 míle san uair ag an Gaillim, ar an 28ú lá de Eanair. Cáineaḋ é £5. Ḋúraḋ gur cáineaḋ ċeana é as an teora luais a sárú. Nuair a rinne L. D. Ó Gaḃain, aturnae, aċaine go ḋtógfaí an dí-ċeiliú, ḋúirt an Giúistís T. G. de Ḃúrca, gurḃ é an dara cúisiú é. An Ceannfort Ḋaiṫí Ó Leaṫaiġ, a ḃí ag cúisiú.

FINE GAEL

Ag cruinniú Coṁairle Ceantair Ḟine Gael, i mḃealaċ Féiċ, toġaḋ: Uaċtarán, Míċeál Mac Aoḋa, Leitir Seanḃó; Caṫaoirleaċ, Éamonn S. Mac Daiḃéid, Sraiṫ an Urláir; Leas-ċaṫaoirleaċ, A. Ó Carólán, Cloċán; Cisteoirí, Míċeál Mac Ḟionntaiġ, Sraiṫ an Urláir agus Peadar Ó Duinin, Co.C., Cor a' Ċinn. Ionadaiṫe don Ḋáil Ċeantair: É. S. Mac Daiḃéid; Séamus Mac Crattan agus Seoirse Ó Ceallaċáin; Seán Mac Loingsiġ, Conḃaí agus Liam Mac Meanmain, Caisleán na Finne.